Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025 (OR. en)**

**15699/25**

| | |
|---|---|
| **MAMA 268** | **COHOM 172** |
| **MED 97** | **JAI 1737** |
| **CFSP/PESC 1683** | **MIGR 441** |
| **COPS 613** | **COTER 201** |
| **WTO 116** | **TRANS 566** |
| **ENV 1253** | **EMPL 526** |
| **ENER 606** | **DIGIT 247** |
| **ECOFIN 1559** | **EDUC 464** |
| **DEVGEN 216** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú don Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú don Mheánmhuir, a d’fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Samhain 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhshocrú don Mheánmhuir**

**Aon Mhuir Amháin, Aon Chomhshocrú Amháin, Aon Todhchaí Amháin**

1. Is tosaíocht straitéiseach de chuid an Aontais Eorpaigh é an chomhpháirtíocht Eora-Mheánmhara a neartú. Chuir comhpháirtithe na Meánmhara Theas in iúl freisin gur spéis leo naisc threisithe a chothú leis an Aontas Eorpach tráth a bhfuil gá le caidreamh polaitiúil níos dlúithe agus comhpháirtíocht threisithe i ngeall ar an staid gheopholaitiúil dhomhanda agus réigiúnach. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir leis an gComhshocrú don Mheánmhuir dar teideal 'Aon Mhuir Amháin, Aon Chomhshocrú Amháin, Aon Todhchaí Amháin'. Is deis é an Comhshocrú chun athmhúnlú a dhéanamh ar chaidreamh an Aontais le tíortha na Meánmhara Theas agus Spás Coiteann na Meánmhara a chothú.

2. Anois, agus comóradh 30 bliain á dhéanamh ar Dearbhú Barcelona 1995, má táthar leis na cuspóirí a leagadh síos scór go leith bliain ó shin a bhaint amach – mar atá, an tsíocháin, an chobhsaíocht, an inbhuanaitheacht, an rathúnas comhroinnte agus an t-iomaíochas a thabhairt chuig muintir na Meánmhara – ní mór é sin a dhéanamh trí thiomantas láidir frithpháirteach do phrionsabail chomhroinnte agus do ghníomhaíochtaí coiteanna de mheon an chomhchruthaithe, na comhúinéireachta, an leasa fhrithpháirtigh agus na comhfhreagrachta. Is deis iontach é seo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna réigiúnacha coiteanna, trí idirphlé polaitiúil agus comhar.

3. Agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt – Clár Oibre Nua don Mheánmhuir, a glacadh an 16 Aibreán 2021, á meabhrú di, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na tosaíochtaí agus na prionsabail a leagadh amach. Mar fhorbairt ar an gClár Oibre, ar an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, ar na Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Cuimsitheacha agus ar chreataí comhair réigiúnacha eile, tá sé d'aidhm ag an gComhshocrú sineirgí a chruthú agus ár gcomhchlár oibre a athshainiú, a thabhairt cothrom le dáta agus a athbheochan trí chur chuige comhpháirteach nua a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin athraitheacha an réigiúin. Bainfear lánúsáid freisin as bealaí seanbhunaithe, go háirithe na Comhaontuithe Comhlachais agus Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, arb iad an creat bunúsach dlíthiúil, institiúideach agus polaitiúil don rannpháirtíocht iad i gcónaí agus ar cheart iad a chur san áireamh i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe. Ba cheart iarrachtaí a dhíriú le himeacht ama ar thionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt le tíortha i réigiúin chomharsanacha, lena n-áirítear trí chomhar triantánach.

4. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an tiomantas frithpháirteach don tsíocháin, don tslándáil agus don t-ord idirnáisiúnta iltaobhach riailbhunaithe, do chearta an duine, agus don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, *inter alia*, Cairt na Náisiún Aontaithe. Iarrann an Chomhairle an athuair go n-urramófar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ina iomláine, ar dá réir nach mór gach gníomhaíocht a dhéanamh ar na haigéin agus ar na farraigí.

5. Cuireann an Chomhairle in iúl gurb é príomhchuspóir an Chomhshocraithe feabhas a chur ar Spás Coiteann na Meánmhara. Tacaíonn an Chomhairle le réimsí téamacha an Chomhshocraithe, atá bunaithe ar na 3 cholún seo a leanas: (1) daoine: príomhfhoinse an athraithe, na nasc agus na nuálaíochta, (2) geilleagair atá níos láidre, níos inbhuanaithe agus níos comhtháite, agus (3) slándáil, ullmhacht agus bainistiú imirce.

6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé naisc a chruthú idir daoine agus tíortha lena gcothaítear comhthuiscint agus lena gcruthaítear deiseanna don fhás inbhuanaithe agus don fhorbairt inbhuanaithe. Tá deis ollmhór ann an lánpháirtíocht eacnamaíoch a mhéadú a thuilleadh agus trádáil agus infheistíochtaí inbhuanaithe, éagsúlú na geilleagar agus na slabhraí luacha, forbairt an gheilleagair ghoirm, an comhar fuinnimh agus an nascacht idir an tAontas agus tíortha na Meánmhara Theas a chur chun cinn chun deiseanna fostaíochta a chruthú agus cobhsaíocht agus athléimneacht eacnamaíoch a áirithiú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais shóisialta atá ann agus rannchuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta. Cuireann an Chomhairle in iúl freisin gur tosaíocht chomhroinnte i gcónaí é dul i ngleic leis an athrú aeráide, le díghrádú an chomhshaoil agus le ganntanas uisce sa Mheánmhuir, go háirithe trí Choinbhinsiún Barcelona a chur chun feidhme, chomh maith le díriú ar an oideachas agus fostaíocht na n-óg, ar chosaint agus luacháil na hoidhreachta cultúrtha agus ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha.

7. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an teagmháil pholaitiúil le comhpháirtithe na Meánmhara Theas a mhéadú agus an t-idirphlé polaitiúil agus beartais a fheabhsú. Áireofar leis sin an comhar a neartú i dtaca leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint, lena n-áirítear i ndáil le coinbhleachtaí a chosc, idirghabháil, an choireacht eagraithe agus an tsábháilteacht agus an tslándáil mhuirí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, cumais chomhpháirtithe na Meánmhara a neartú agus malartuithe trasréigiúnacha a éascú. Is i gcomhréir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta agus le creataí an Aontais dá bhfuil ann cheana a dhéanfar an comhar i réimse na slándála agus na cosanta.

8. Tá an Chomhairle i bhfabhar an imirce a bhainistiú go comhpháirteach de réir cur chuige cuimsitheach ceartabhunaithe ina mbeidh rialtais páirteach ina n-iomláine agus ina gcumhdófar bealaí imirce ina n-iomláine, d'fhonn cosc a chur ar an imirce neamhrialta agus deireadh a chur le gnó na smuigléirí trí rialú feabhsaithe teorann; feabhas a chur ar chosaint imirceach i gcúinsí leochaileacha, iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe; beartas éifeachtach maidir le filleadh agus athligean isteach a shaothrú, lena n-áirítear filleadh sábháilte díniteach chomh maith le hath-imeascadh inbhuanaithe; aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce agus an easáitithe éigeantaigh; agus bealaí dlíthiúla a struchtúrú, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus leis na inniúlachtaí náisiúnta, agus leis an ngné sheachtrach de bheartais agus le reachtaíocht an Aontais maidir le tearmann agus imirce.

9. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé oibriú i gcomhpháirt le comhpháirtithe na Meánmhara Theas chun cearta an duine, an dea-rialachas, an daonlathas, an smacht reachta agus saoirsí bunúsacha a chaomhnú agus a chur chun cinn agus an Comhshocrú don Mheánmhuir á chur chun feidhme.

10. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí an Comhshocrú don Mheánmhuir chun feidhme go pras agus go héifeachtúil, le tacaíocht ó chórais faireacháin agus rialachais, trína gcuirfidh sé treoir pholaitiúil ar fáil. Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí nuashonrú bliantúil i scríbhinn a thabhairt go tráthúil don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, mar ionchur don ról thuasluaite atá ag an gComhairle ar gach leibhéal ábhartha, lena n-áirítear an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha de réir mar is gá. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cur leis an treoir a thug sí chun an Teachtaireacht Chomhpháirteach a thrasuí i bPlean Gníomhaíochta tiomnaithe chun tús a chur le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a oibríochtú.

11. Aithníonn an Chomhairle gur eagraíocht uathúil um chomhar réigiúnach é an tAontas don Réigiún Meánmhuirí. Leis an gcumhacht chomórtha agus an taithí atá ag an Aontas don Réigiún Meánmhuirí maidir le líonraí réigiúnacha a thógáil agus comhar a chothú, measfar gur comhpháirtí é i gcur i bhfeidhm an Chomhshocraithe i réimsí ábhartha.

12. Agus an Comhshocrú á chur i bhfeidhm, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chumhachtú na hóige agus ar a rannpháirtiú go cuiditheach, lena n-áirítear trí Thionól Parlaiminteach na nÓg le haghaidh na Meánmhara. Is den ríthábhacht i gcónaí na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a rannpháirtiú freisin. Ba cheart idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith ina chúnamh le cur chun feidhme an Chomhshocraithe.

13. Ba cheart tacú le cur chun feidhme éifeachtach an Chomhshocraithe trí uirlisí beartais ábhartha an Aontais a shlógadh, lena n-áirítear uirlisí airgeadais atá ann cheana. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá acmhainní leordhóthanacha airgeadais a áirithiú. Aithníonn an Chomhairle gur gá ionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais a úsáid agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú idir na hionstraimí sin, chun acmhainní breise a shlógadh ón earnáil phríobháideach agus ó na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha agus idirnáisiúnta chun iarrachtaí claochlaitheacha a mhéadú i gcomhréir le tosaíochtaí na straitéise Global Gateway agus i gcomhar le tionscnaimh na mBallstát i gcur chuige Fhoireann na hEorpa.

14. Chun feasacht agus tuiscint ar an rannpháirtíocht pholaitiúil faoin gComhshocrú a fheabhsú, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le for-rochtain láidir agus cumarsáid straitéiseach. Is den ríthábhacht an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an rochtain ar fhaisnéis iolraíoch a chur chun cinn agus cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise má táthar le hidirphlé cuiditheach a chothú.